Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Feabhra 2023
(OR. en)

6044/23

Comhad Idirinstitiúideach:
2019/0262(NLE)

AVIATION 15
RELEX 141
USA 7
N 5
ISL 6

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 48 final |
| Ábhar: | Togra leasaithe le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, Prótacail lena leasaítear an Comhaontú Coimhdeach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú páirt, maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt, a síníodh an 16 agus an 21 Meitheamh 2011, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 48 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 48 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.2.2023
COM(2023) 48 final

2019/0262 (NLE)

Togra leasaithe le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, Prótacail lena leasaítear an Comhaontú Coimhdeach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú páirt, maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt, a síníodh an 16 agus an 21 Meitheamh 2011, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh**

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

An 14 Samhain 2019 chuir an Coimisiún togra i láthair le haghaidh Cinneadh ón gComhairle, bunaithe ar Airteagal 218(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar Airteagal 6(2), an dara fomhír, den Ionstraim Aontachais, lena n-údaraítear síniú prótacail lena leasaítear an Comhaontú Coimhdeach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, an Íoslainn agus Ríocht na hIorua maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus na páirtithe den Chomhaontú Coimhdeach, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh[1].

De bharr dheireadh na hidirthréimhse le haghaidh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach an 31 Nollaig 2020 bhí gá le leasuithe ar an bprótacal chun tagairtí don Ríocht Aontaithe a bhaint de. Dá bhrí sin shocraigh an Coimisiún na leasuithe ba ghá chuige sin trí chaibidlíocht leis an Íoslainn agus leis an Iorua. Tháinig na toscairí a bhí ag gníomhú thar ceann na bpáirtithe ar chomhaontú maidir leis na leasuithe.

Ina theannta sin, is gá Airteagal 2 den chinneadh ón gComhairle atá beartaithe a leasú chun a áirithiú go gcomhlíontar sannadh na gcumhachtaí idir na hinstitiúidí faoi na Conarthaí, agus go háirithe sainchumas an Choimisiúin faoi Airteagal 17 den Chonradh ar an Aontas Eorpach chun ionadaíocht a dhéanamh ar an Aontas go seachtrach.

Ar na cúiseanna sin tá an Coimisiún ag cur isteach an togra leasuithe seo le haghaidh an chinnidh ón gComhairle lena n-údaraítear síniú an phrótacail.

1 COM/2019/589 final.

2019/0262 (NLE)

Togra leasaithe le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, Prótacail lena leasaítear an Comhaontú Coimhdeach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú páirt, maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt, a síníodh an 16 agus an 21 Meitheamh 2011, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais na Cróite, agus go háirithe d'Airteagal 6(2), an dara fomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an Coimisiún Prótacal a chaibidliú lena leasaítear an Comhaontú Coimhdeach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú páirt, maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt, a síníodh an 16 agus an 21 Meitheamh 2011, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh ('an Prótacal'), i gcomhréir le Cinneadh 13351/12 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2012 lena n-údaraítear don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht.

(2) Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil trí inisealacha a chur leis an bPrótacal an 8 Márta 2019.

(3) Ba cheart don Aontas agus dá Bhallstáit an Prótacal a shíniú agus a chur i bhfeidhm go sealadach i gcomhréir le hAirteagal 4 de, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos faide anonn.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, síniú an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú Coimhdeach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den chéad pháirt, an Íoslainn, den dara páirt, agus Ríocht na hIorua, den tríú páirt, maidir le cur i bhfeidhm an

Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá, den chéad pháirt, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den dara páirt, an Íoslainn, den tríú páirt, agus Ríocht na hIorua, den cheathrú páirt, a síníodh an 16 agus an 21 Meitheamh 2011, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh ('an Prótacal'), faoi réir thabhairt i gcrích an Phrótacail.

Tá téacs an Phrótacail i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Bunóidh Ardrúnaíocht na Comhairle an ionstraim lánchumhachtaí i ndáil le síniú an Phrótacail, faoi réir a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, don duine nó do na daoine a ndéanfaidh an Coimisiún iad a shonrú.

*Airteagal 3*

Go dtí go dtiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm, cuirfidh an tAontas agus a Bhallstáit i bhfeidhm é go sealadach i gcomhréir le hAirteagal 4 de.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*